# 15 Rialú na Scéime Saorthaistil

**15.1** Tá freagracht ar an Roinn Coimirce Sóisialaí (an Roinn) as an scéim saorthaistil (FT) a bhainistiú. Maoiníodh caiteachas na scéime saorthaistil arbh fhiú €92.6 milliún san iomlán é trí Vóta 37 – Coimirce Shóisialach in 2023.

**15.2** Faoi láthair, soláthraítear leis an scéim saorthaisteal do shaoránaigh incháilithe ar an gcuid is mó de sheirbhísí iompair phoiblí agus ar sheirbhísí áirithe príobháideacha. Gach duine atá 66 bliain d'aois nó níos sine agus atá ina gcónaí go dlíthiúil agus go buan sa Stát, tá na daoine sin incháilithe don scéim.[1] Tá daoine áirithe atá faoi bhun 66 bliain d'aois i dteideal na scéime freisin má fhaigheann siad íocaíocht leasa shóisialaigh incháilithe amhail liúntas míchumais nó liúntas cúramóra.

**15.3** Rinneadh an t-imscrúdú seo chun measúnú a dhéanamh ar rialuithe na Roinne atá i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar an scéim saorthaistil agus chun í a mhaoiniú mar is cuí.

**15.4** Braitheann rialú na scéime saorthaistil agus a costais ar dhá thoisc: ar an gcéad dul síos, a áirithiú go bhfuil rochtain ar an scéim ag na saoránaigh atá i dteideal saorthaistil agus acu siúd amháin; agus ar an dara dul síos, trí bhunús soiléir íocaíochta a bheith ann ina léirítear an taisteal a rinne na daoine incháilithe. D'fhéadfadh an Roinn na turais a rinne úsáideoirí saorthaistil a thiomsú agus a anailísiú chun costas na scéime a mheas.

**15.5** Rinne an fhoireann imscrúdaithe athbhreithniú ar na príomhdhoiciméid agus príomhshonraí a sholáthair an Roinn agus an tÚdarás Náisiúnta Iompair (NTA), chuir sí baill foirne ábhartha faoi agallamh agus rinne sí anailís ar shonraí.


## Rochtain ar an scéim Saorthaistil

**15.6** Amhail an 31 Nollaig 2023, thaifead an Roinn níos mó ná milliún duine atá i dteideal cárta saorthaistil. Tháinig méadú 39% ó 2013 i leith ar líon iomlán na ndaoine incháilithe. Tá líon na ndaoine siúd atá 66 bliain d'aois, faoi bhun 66 bliain d'aois agus níos sine, measartha comhsheasmhach fós (féach Fíor 15.1).

**15.7** Tá fás tagtha go seasta ar an líon sin a taifeadadh. Tháinig méadú ar leibhéal caiteachais na scéime freisin, ach ní ar an luas céanna is a tháinig méadú ar líon na ndaoine atá i dteideal cárta saorthaistil.

1 Is féidir le sealbhóirí cárta saorthaistil taisteal saor in aisce ar sheirbhísí áirithe trasteorann idir Éirinn agus Tuaisceart Éireann. Is féidir leo siúd atá 66 bliain d'aois agus níos sine iarratas a dhéanamh ar Phas Cliste Seanóra chun taisteal saor in aisce laistigh de Thuaisceart Éireann.

**Fíor 15.1 Daoine i dteideal saorthaistil agus caiteachas, ag deireadh na bliana 2013 go 2023[a]**




Foinse: [An Roinn Coimirce Sóisialaí — Tuarascáil um Fhaisnéis Staidrimh ar Sheirbhísí Leasa Shóisialaigh 2022]

Nóta: a Sa tuarascáil seo, aicmíonn an Roinn faighteoirí saorthaistil mar dhaoine atá incháilithe don chárta saorthaistil seachas líon iarmhír na sealbhóirí cárta.

## *Saorthaisteal a chumasú*

**15.8** Chun úsáid a bhaint as an scéim saorthaistil, ní mór don duine cárta saorthaistil bailí a bheith acu. Go stairiúil, bhí an cárta i bhfoirm pas páipéir a raibh fíorúchán sínithe air agus gan aon dáta éaga réamhchinntithe air. Ó 2015 i leith, bhí an Roinn ag céimniú pasanna páipéir amach de rogha ar Chárta Seirbhísí Phoiblí atá cumasaithe leis an saorthaisteal (PSC FT).[1] Tá slis leabaithe sa chárta chun ticéid gan tadhall a éascú ar sheirbhísí iompair atá cumasaithe leis an gCóras Ticéadaithe Comhtháite (ITS).[2]

**15.9** Tá na cártaí seirbhísí poiblí a eisíodh roimh mhí na Samhna 2018 fós bailí go ceann 7 mbliana, agus tá na cinn siúd a eisíodh ó shin i leith bailí go ceann 10 mbliana. I gcás ina bhfuil PSC (lena n-áirítear PSC FT) imithe in éag, ba cheart don sealbhóir cárta é a athnuachan trí fhreastal ar ionad PSC nó é a dhéanamh ar líne ag MyWelfare.ie.

**15.10** Tuairiscíonn an Roinn ar líon measta na ndaoine atá i dteideal cárta scéime saorthaistil, seachas orthu siúd a bhfuil cárta bailí acu. Tá faisnéis faoi líon iarmhír na gcártaí saorthaistil atá i gcúrsaíocht ar fáil ag pointe áirithe ama ach ní thaifeadtar ná ní choinnítear an líon sin go rialta.  Amhail mí an Mheithimh 2024, bhí 1.023 milliún cárta saorthaistil i gcúrsaíocht. B'ionann sin agus thart ar 93% de mheastachán na Roinne de 1.103 milliún duine incháilithe.[3]

**15.11** Faigheann sealbhóirí atá pósta, ina gcónaí le chéile, nó i bpáirtnéireacht shibhialta cárta a bhfuil táscaire (FT+S) air (féach Fíor 15.2). Ciallaíonn sé seo go bhfuil a bpáirtnéir i dteideal taisteal a dhéanamh saor in aisce nuair a bhíonn an sealbhóir cárta in éineacht leis.[4]  Mura bhfuil an sealbhóir cárta in ann taisteal leis féin de bharr riocht sláinte, is féidir leo iarratas a dhéanamh ar phas compánach (FT+C), rud a fhágann gur féidir le duine atá os cionn 16 bliana d'aois taisteal in éineacht leis saor in aisce.[5]

1 Deartar an Cárta Seirbhísí Phoiblí (PSC) chun go mbeadh sé níos éasca do sholáthraithe seirbhísí phoiblí féiniúlacht na gcustaiméirí a fhíorú. Tugadh an PSC isteach in 2011 agus (i gcásanna ábhartha) soláthraíodh saorthaisteal leis ó 2013 i leith.


2 Is córas ticéadaithe é ITS arna fhorbairt agus arna oibriú ag an Údarás Náisiúnta Iompair chun íocaíochtaí táille comhtháite a éascú ar fud seirbhísí iompair phoiblí.

3 Tuigtear go mbaineann an difríocht (c.7%) go príomha le daoine atá i dteideal na scéime agus ar deonaíodh a dteidlíochtaí saorthaistil dóibh, bíodh sé bunaithe go huathoibríoch ar íocaíocht incháilithe nó ar fhoirm iarratais a líonadh ach nach bhfuil próiseas fíoraithe céannachta na Roinne (SAFE 2) críochnaithe acu fós chun PSC a fháil.

4 Déanann an Roinn crostagairt ar bhunachair sonraí inmheánacha chun stádas pósta nó páirtnéireachta sibhialta a dhearbhú agus an cárta á eisiúint aici.

5 Má tá an t-iarratasóir faoi bhun 66 bliain d'aois, tá an t-iarratas faoi réir athbhreithniú ag measúnóirí leighis na Roinne.

**Fíor 15.2 Miondealú ar shealbhóirí cárta saorthaistil PSC, amhail mí an Mheithimh 2024**




Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

**15.12** Thug an fhoireann imscrúdaithe dá haire nach ndéanann an Roinn seiceáil maidir le cé acu a deonaíodh nó nár deonaíodh PSC FT, PSC FT+S nó PSC FT+C dá chuid féin ar chéile pháirtí incháilithe cheana féin agus an cárta á eisiúint ag an Roinn. Mar thoradh air sin, tá sé deacair a fháil amach go beacht líon na ndaoine ar féidir leo rochtain a fháil ar an scéim go indíreach agus leas a bhaint aisti, nó líon na ndaoine a dhéanann amhlaidh dáiríre.

*Pasanna páipéir*

**15.13** Níl an fhaisnéis ar phas páipéir roimhe seo ar an leibhéal céanna leis an bhfaisnéis atá ar fáil ar PSC FT. Go háirithe, ós rud é nach bhfuil aon ghrianghraf ar an bpas páipéir, ní féidir céannacht an tsealbhóra cárta a fhíorú go héasca. Níl dáta éaga ar na pasanna páipéir ach an oiread.

**15.14** Luaigh an Roinn go bhfuil na pasanna páipéir atá ann cheana bailí fós lena n-úsáid agus ba cheart go nglacfadh oibritheoirí taistil leo. I gcásanna ina dtaispeánann an duine pas páipéir agus PSC FT araon, thug an Roinn treoir do na hoibrithe chun an pas páipéir a choinneáil. Níor tugadh aon treoir bhreise áfach do na hoibrithe maidir le conas ba cheart an rialú sin a oibriú sa chleachtas. Tá an Roinn ag brath ar bhonn *ad hoc* ar na hoibrithe agus ar thoilteanas an tsealbhóra pas chun pasanna páipéir a thabhairt isteach.

**15.15** Níor chuir an Roinn próiseas ar bhonn foirmiúil go fóill chun PSC-FT a chur in ionad pasanna páipéir atá fós in úsáid. Ina theannta sin, níl taifead ná meastachán aici ar líon na bpasanna páipéir atá i gcúrsaíocht fós. Luaigh an Roinn, áfach, go bhfuil sí sásta nach bhfuil pasanna páipéir fós i gcúrsaíocht ach i líon beag cásanna.


**15.16** Luaigh NTA go bhféadfadh úsáid leanúnach na bpasanna páipéir, atá éasca a chóipeáil agus a aistriú idir daoine, a bheith ina cúis le húsáid chalaoiseach ina bhféadfadh caillteanas ioncaim táille do NTA a bheith mar thoradh uirthi. Mar fhreagairt, luaigh an Roinn go rachaidh sí i ngleic le NTA agus le hoibrithe eile chun pasanna páipéir a chéimniú amach.

### *Éileamh ar chártaí PSC FT*

**15.17** Ó 2020 i leith, tá fás mór tagtha ar éileamh PSC FT (féach Fíor 15.3). Luaigh an Roinn go bhfuil an méadú ar éileamh mar thoradh ar na nithe seo a leanas:

- méadú ar líon na ndaoine incháilithe de bharr treochtaí daonra.
- cártaí PSC FT a eisíodh roimh 2016 atá ag teacht i dtreo dheireadh a dtréimhse bailíochta seacht mbliana, agus
- cártaí PSC FT ar cuireadh síneadh bailíochta leo le linn Covid-19 atá ag teacht i dtreo dheireadh a dtréimhse sínithe trí bliana sealadaí ó 2023 ar aghaidh.

**Fíor 15.3 Iarratais ar PSC FT, 2013 go 2023**




Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

**15.18** Tá moilleanna áirithe sa phróiseas athnuachana cárta ann mar gheall ar an éileamh ard ar PSC FT, rud a fhágann go bhfuil líon mór cártaí éagtha fós i gcúrsaíocht.

**15.19** Le linn Covid-19, thug an Roinn treoir d'oibreoirí seirbhísí iompair glacadh le cártaí éagtha PSC FT, chun a áirithiú go mbeadh rochtain fós ag sealbhóirí cárta ar an scéim saorthaistil. Mar gheall ar an riaráiste reatha maidir le cártaí ionaid a eisiúint, tá an treoir sin fós i bhfeidhm. Amhail an 1 Meitheamh 2024, bhí 173,862 cárta éagtha i gcúrsaíocht (beagnach 17% de na cártaí PSC FT uile a bhí i gcúrsaíocht)

**15.20** Luaigh an Roinn go bhfuil sé ar intinn aici, ó mhí Mheán Fómhair 2024 ar aghaidh, tús a chur le clár lena dtugtar fógra do shealbhóirí cárta PSC FT maidir lena gcártaí a athnuachan roimh dháta éaga an chárta, anuas ar chártaí éagtha a athsholáthar.

### *Seiceálacha incháilitheachta leanúnacha*

**15.21** Déanann an Roinn monatóireacht leanúnach ar incháilitheacht sealbhóirí cártaí saorthaistil trí obair athbhreithnithe arna comhlíonadh ag rannáin eile den Roinn (e.g. cigirí leasa shóisialaigh) agus trí thuarascálacha lena dtugtar fógra don aonad saorthaistil faoi shealbhóirí cárta saorthaistil a chaill a dteidlíocht bunscéime.[1] Ós rud é go bhfuil formhór na sealbhóirí cárta PSC FT (os cionn 70%) i dteideal saorthaistil ar bhonn aoise, tá an riosca maidir le rochtain neamh-incháilithe don scéim níos ísle don ghrúpa sin.

1 Tarraingítear siar teidlíocht sealbhóirí cárta saorthaistil atá faoi bhun 66 bliain d'aois, a bhí i dteideal saorthaistil mar gheall ar íocaíocht tacaíochta ioncaim incháilithe, mura bhfuil siad i dteideal a mbunscéime níos mó.

## Oibritheoirí saorthaistil

**15.22** Faoi láthair, soláthraíonn beagnach 80 oibreoir iompair poiblí agus príobháideach seirbhísí scéime saorthaistil. Chun bheith páirteach sa scéim saorthaistil, cuireann oibreoirí iarratas faoi bhráid na Roinne, in éineacht lena gceadúnas agus deimhniú imréitigh cánach.

**15.23** Is é Córas Iompar Éireann (CÍE) príomhsholáthróir seirbhísí saorthaistil ar fud na hÉireann, agus soláthraíonn sé rochtain ar sheirbhísí bóthair agus iarnróid trí Bus Éireann, Bus Átha Cliath agus Iarnród Éireann. I dteannta na seirbhísí arna soláthar ag CIÉ, soláthraíonn Translink, Transdev, Go-Ahead Ireland agus níos mó ná 70 oibreoir ceadúnaithe iompair príobháideach eile seirbhísí saorthaistil freisin.[1]

**15.24** Ceanglaítear ar oibreoirí bus tráchtála a gceadúnais tráchtála, mar a dheonaigh NTA, a chur faoi bhráid na Roinne. Tá ráite ag an Roinn go dtugann an tÚdarás Náisiúnta Iompair fógra di faoi chásanna ar cealaíodh nó nár athnuadh ceadúnas oibreora seirbhíse den scéim saorthaistil.[2]

**15.25** In 2023 d'íoc an Roinn €1.6 milliún (1.7% de chaiteachas na scéime saorthaistil) le 19 oibreoir farantóireachta le haghaidh soláthar seirbhísí saorthaistil. Bronnann an Roinn Iompair ceadúnais paisinéirí agus teastais sábháilteachta do bháid farantóireachta.[3] Dúirt an Roinn Iompair nach gcuireann na teastais agus ceadúnais, go ginearálta, aon srianta atá ábhartha ó thaobh tráchtála ar na cineálacha seirbhíse (m.sh. farantóireacht, turas, slatiascaireacht farraige srl..) arna chur ar fáil ag oibreoir.

**15.26** Foilsíonn an Roinn Iompair ar a suíomh gréasáin, ar bhonn ráithe, ainmneacha na mbád paisinéirí ceadúnaithe agus na long paisinéirí deimhnithe. Níl aon phróiseas foirmiúil i bhfeidhm trína dtugtar fógra don Roinn faoi chásanna ar cealaíodh nó nár athnuadh deimhnithe long paisinéirí nó ceadúnais bád a bronnadh ar oibreoirí soithí, áfach.

### *Comhaontuithe conarthacha*

**15.27** A luaithe is a chomhlíonann oibreoir saorthaistil critéir incháilitheachta na scéime, éilíonn an Roinn orthu ar bhonn bliantúil trí cháipéis chonartha a chomhlánú: comhaontú seirbhíse, comhaontú um chomhlíonadh, agus comhaontú cosanta sonraí.

**15.28** D'iarr an fhoireann imscrúdaithe cóipeanna de na cáipéisí conartha seo lena n-athbhreithniú, agus fuair siad amach nach raibh tacair conarthaí i bhfeidhm ag an Roinn do na híocaíochtaí agus na hoibreoirí is ábhartha faoi scéim saorthaistil in 2023 (féach Fíor 15.4).

1 Soláthraíonn Translink seirbhísí trasteorann bus agus iarnróid.

2 Ní raibh ach sampla amháin de seo in 2022. Ní dhearnadh an athnuachan mar gheall ar neamart riaracháin a rinne an t-oibritheoir.

3 Eisíonn an Roinn Iompair ceadúnais báid (le haghaidh soithí a iompraíonn suas le 12 phaisinéir) agus deimhnithe (sábháilteachta) long paisinéirí (le haghaidh soithí a iompraíonn níos mó ná 12 phaisinéir).

**Fíor 15.4 Stádas conartha saorthaistil, 2023**

| Íocaí | Seirbhís | Caiteachas €m[a] | Comhaontú Seirbhíse | Comhaontú um chomhlíonadh | Comhaontú cosanta sonraí |
|---|---|---|---|---|---|
| An tÚdarás Náisiúnta Iompair | CIÉ, Nasc Áitiúil, oscailt an mhargaidh bus iarnróid trasteorann agus bealaí eile oibleagáide seirbhíse poiblí[b] | 54.6 | ✗ | ✗ | ✗ |
| Bus Éireann | Luasbhealach Bus Éireann | 16.2 | ✗ | ✗ | ✗ |
| Transdev | Luas | 3.9 | ✗ | ✗ | ✗ |
| Translink | Iarnród trasteorann | 1.4 | ✗ | ✗ | ✗ |
| Oibreoirí tráchtála[c] | Taisteal bus, farantóireachta agus aeir | 16.4 | ✓ | ✓ | ✓ |

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nótaí: a Tá caiteachas bunaithe ar mhéideanna iarbhír a íoctar sa bhliain agus féadfar go n-áireofar leis méideanna a fabhraíodh ó 2022.

b Is conarthaí iomaíocha iad do sheirbhísí bus arna mbronnadh ag an Údarás Náisiúnta Iompair iad oscailt an mhargaidh bus agus bealaí eile oibleagáide seirbhíse poiblí.

c Bunaithe ar shampla de dheich gcinn, ba chosúil go raibh na cáipéisí conartha i líne.

## Íocaíochtaí déanta le hoibreoirí saorthaistil

**15.29** Tá an tÚdarás Náisiúnta Iompair freagrach as an gCóras Ticéadaithe Comhtháite a fheidhmiú agus a choinneáil ar bun do sheirbhísí iompair phoiblí in Éirinn. Cuireann an Roinn ar fáil treoracha laethúla don Údarás Náisiúnta Iompair ag tabhairt breac-chuntas ar mhionsonraí cártaí nua PSC FT a eisítear, a ndátaí éagtha agus aon chártaí nach meastar a bheith bailí a thuilleadh. Cuireann an tÚdarás Náisiúnta Iompair na treoracha seo i bhfeidhm de réir mar a éilítear ar an gCóras Ticéadaithe Comhtháite.[1]

**15.30** Tá bailíochtóirí nó léitheoirí cárta Córais Ticéadaithe Chomhtháite ag na príomhoibreoirí saorthaistil. Sa chás go gcuirtear cárta PSC FT i láthair le taisteal ar sheirbhís chumasaithe, ba cheart an cárta a bheith bailíochtaithe agus nuair atá an cás amhlaidh, stórálfaidh an t-inneall nó bailíochtóir ticéad faisnéis an turais.[2] Tiomsaíonn an tÚdarás Náisiúnta Iompair na sonraí sin ar bhunachar sonraí láraithe mar a gcoinnítear iad ar feadh 13 mhí chun críoch próiseála agus tuairiscithe.[3]

**15.31** D'íoc an Roinn €92.6 milliún le hoibreoirí saorthaistil in 2023. Caidhpeáiltear íocaíochtaí a dhéantar le hoibreoirí saorthaistil ag leibhéal comhaontaithe, nó bunaithe ar úsáid iarbhír nó mheasta (féach Fíor 15.5).

1 Tá ráite ag an Roinn gur féidir stopthreoir a chur ar PSC FT ar chúiseanna éagsúla, lena n-áirítear caillteanas teidlíochta, cártaí caillte, goidte, damáistithe, nó éagtha nó athrú ainm nó stádais teidlíochta.


2 Is féidir go n-áireofar le faisnéis turais mionsonraí maidir leis an uimhir uathúil chárta, aitheantas oibreora iompair, am agus dáta taistil.

3 Ní fhaigheann an Roinn ach faisnéis turais achomair (m.sh. méideanna úsáide) ón Údarás Náisiúnta Iompair. Ní fhaigheann an Roinn mionsonraí faoi thurais aonair ón Údarás Náisiúnta Iompair.

### *Íocaíochtaí úsáidbhunaithe*

**15.32** Is tionscnamh de chuid an Údaráis Náisiúnta Iompair é Oscailt an Mhargaidh Bus le conarthaí i bhfeidhm le Bus Éireann agus an t-oibreoir príobháideach Go-Ahead Ireland. Tá sonraisc a eisítear don Roinn bunaithe ar thaifeadadh leictreonach pasanna saorthaistil ag an bpointe bordála, le lascaine 40% curtha i bhfeidhm. B'ionann íocaíochtaí a rinneadh le hoibreoirí Oscailt an Mhargaidh Bus agus €3.12 milliún nó 3.4% de chaiteachas na scéime saorthaistil in 2023.

**Fíor 15.5** **Bunús íocaíochta agus infhaighteacht sonraí Córais Ticéadaithe Chomhtháite, oibreoirí saorthaistil 2023**




Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nóta: a Baineann Eile le híocaíochtaí a rinneadh le Translink ar son seirbhísí trasteorann (€1.38 milliún) agus leis an Údarás Náisiúnta Iompair ar son bealaí eile (€183,138) nó ar son Saorthaisteal Uile-Éireann (€6,630).

**15.33** Is é Translink, an tseirbhís bus agus iarnróid ar fud Thuaisceart Éireann, an t-aon íocaíocht úsáidbhunaithe eile arb ionann é agus 1.5% d'íocaíochtaí in 2023 (€1.38 milliún).

### *Íocaíochtaí caidhpeáilte bliantúla – CIÉ/NTA*

**15.34** Cé go bhfuil oibreoirí taistil CIÉ cumasaithe le Córas Ticéadaithe Comhtháite, ní hé an fhaisnéis úsáide seo bunús íocaíocht CIÉ. San am a chuaigh thart, bhí íocaíochtaí bunaithe ar rátaí stairiúla níos mó ná 50 bliain ó shin, nuashonraithe le haghaidh méaduithe sa táille agus sínte ar an scéim saorthaistil mar a éilíodh.[1] Ó 2011 i leith, tá maoiniú a shanntar do CIÉ caidhpeáilte ag rátaí íocaíochta 2010.

**15.35** In 2023, d'íoc an Roinn €51.3 milliún go díreach leis an Údarás Náisiúnta Iompair as soláthar seirbhísí CIÉ (Iarnród Éireann, Bus Átha Cliath, Bus Éireann agus iarnród trasteorann) agus seirbhísí a bhaineann le naisc áitiúla. Ar leithligh, fuair Bus Éireann €16.2 milliún go díreach ar son seirbhísí luasbhealaigh a chur ar fáil.[2] Tá an dá íocaíocht bunaithe ar shocruithe oidhreachta atá ann ó 1973 i leith, agus le chéile is ionann iad agus 73% de chaiteachas scéime in 2023.


1 Ag tús na scéime saorthaistil, bhí íocaíocht CIÉ nasctha le faisnéis úsáide suirbhé. Níor tugadh faoi shuirbhéanna úsáide ar sheirbhísí CIÉ ó 1973, áfach.

2 In 2018, nuair a rinne Bus Éireann an tseirbhís Luasbhealaigh a thráchtáladh, scoilt an Roinn íocaíocht CIÉ in íocaíocht bhliantúil chaidhpeáilte do bhealaí seirbhíse poiblí agus íocaíocht bhliantúla chaidhpeáilte ar leith le Bus Éireann ar son na seirbhísí Luasbhealaigh.

**15.36** Is iad na príomhfhoinsí ioncaim don Údarás Náisiúnta Iompair ar son feidhmiú seirbhísí iompair

- ioncaim táillí ó phaisinéirí
- maoiniú saorthaistil ón Roinn, agus
- maoiniú d'oibleagáid seirbhíse poiblí (PSO) ón Roinn Iompair.[1]

**Fíor 15.6 Maoiniú saorthaistil na Roinne do sheirbhísí PSO, íocaíochtaí fóirdheontais PSO i gcoinne turais saorthaistil, 2010 go 2023[a]**




Foinse: An tÚdarás Náisiúnta Iompair, Tuarascáil ar Staitisticí Bus agus Iarnróid 2022

Nótaí:
- a De bhrí gur tháinig ann don Údarás Náisiúnta Iompair i mí na Nollag 2009, bhí na chéad chuntais do 13 mhí.
- b Baineann turais saorthaistil mar a thuairiscigh an tÚdarás Náisiúnta Iompair le turais ar sheirbhísí bus, iarnróid agus iarnróid éadroim.
- c Tá na híocaíochtaí bunaithe ar an difríocht idir an costas a bhaineann leis an tseirbhís a oibriú agus an t-ioncam ó tháillí a bhailítear.
- d Measann an tÚdarás Náisiúnta Iompair an líon turas saorthaistil a dtugtar fúthu bunaithe ar shonraí ITS agus 'arduithe' céatadáin a chuirtear i bhfeidhm chun míniú a thabhairt ar ghanntaifeadadh turas paisinéirí ar líonraí oscailte nó páirtoscailte.

**15.37** Íocann an tÚdarás Náisiúnta Iompair oibreoirí saorthaistil ó ioncam táillí saorthaistil atá bailithe i dtoll a chéile agus maoiniú PSO. Cé gur fhan maoiniú saorthaistil ag leibhéal leanúnach airgid thirim ó 2010 i leith, bhí maoiniú PSO athraitheach. In 2023, bhí leibhéil mhaoinithe PSO 82% níos airde ná an méid a íocadh in 2019 (féach Fíor 15.6). Dúirt an tÚdarás Náisiúnta Iompair gur cuireadh maoiniú ardaithe PSO ar fáil le blianta beaga anuas mar thoradh ar bhrú breise agus leanúnach ar sheirbhísí iompair poiblí mar gheall ar COVID-19.[2]

**15.38** Dúirt an NTA freisin

- go bhfuil difríocht idir an leibhéal maoinithe saorthaistil a chuirtear ar fáil agus an líon turas a dhéanann custaiméirí saorthaistil agus
- go gcuireann seo ualach breise ar mhaoiniú PSO chun riar ar riachtanais mhaoinithe seirbhísí iompar phoiblí atá ann cheana agus a bheartaítear.

1 Gach bliain, cuireann an Roinn Iompair ar fáil don Údarás Náisiúnta Iompair maoiniú do PSO. Ligeann an maoiniú seo don Údarás Náisiúnta Iompair seirbhísí iompair poiblí atá riachtanach go sóisialta ach neamh-inmharthana ó thaobh airgeadais a chur ar fáil in Éirinn.

2 I measc mínithe eile a chuir an tÚdarás Náisiúnta Iompair ar fáil bhí cinntí Rialtais chun táillí a laghdú de 20% in 2022 mar bheart um chostas na beatha, agus chun incháilitheacht táillí Aosaigh Óig a shíneadh go daoine 25 bliana d'aois in 2023.

### *Íocaíochtaí caidhpeáilte, le tacaíocht ó shuirbhé — Luas*

**15.39** Tá Luas — an córas iarnróid éadroim i mBaile Átha Cliath — á fheidhmiú ag Transdev. Tá oibleagáid chonartha ar an gcuideachta do Bhonneagar Iompair Éireann (BIÉ) agus don Údarás Náisiúnta Iompair faoin gconradh um fheidhmiú agus cothabháil Luas 'scéimeanna lamháltais' a riar, lena n-áirítear an scéim saorthaistil.[1]

**15.40** Déanann BIÉ suirbhéanna ticéid leanúnacha a sholáthraíonn sonraí ar sheachaint táillí agus úsáid ticéad ar an Luas. Gineann na suirbhéanna seo freisin meastacháin ar úsáid saorthaistil. Úsáidtear an fhaisnéis seo chun tacú le híocaíochtaí scéime saorthaistil le Transdev.

**15.41** Eisíonn Transdev sonraisc shaorthaistil don Roinn thar ceann BIÉ agus an Údaráis Náisiúnta Iompair, agus íocadh méid caidhpeáilte €3.9 milliún leis gach bliain ó 2011 i leith. Dúirt an Roinn go ndéanfar íocaíochtaí amach anseo ar son an Luas leis an Údarás Náisiúnta Iompair ar aon dul le hoibreoirí eile PSO.

### *Íocaíochtaí suirbhébhunaithe – oibreoirí tráchtála*

**15.42** B'ionann íocaíochtaí le hoibreoirí tráchtála príobháideacha agus €16.4 milliún in 2023, méadú 53% ó 2018 (€10.8 milliún). In 2023, íocadh €14.8 milliún le hoibreoirí bus tráchtála, agus €1.6 milliún le hoibreoirí farantóireachta.

**15.43** Tá na híocaíochtaí le hoibreoirí tráchtála bunaithe ar leibhéil úsáide mheasta arna ndeimhniú ag suirbhéanna agus níl siad caidhpeáilte. Baineann sé seo fiú i gcásanna a bhfuil faisnéis Córais Ticéadaithe Chomhtháite faoi leibhéil úsáide iarbhír ar fáil. Fuair an fhoireann imscrúdaithe amach, as measc na 56 oibreoir bus phríobháideacha a íocadh ar leibhéil úsáide mheasta, tá 13 cinn acu (23%), déanta na fírinne, cumasaithe leis an gCóras Ticéadaithe Comhtháite. Fuair na hoibreoirí seo 54% den mhéid a íocadh leis na hoibreoirí bus tráchtála in 2023 (féach Fíor 15.7).[2,3]

**15.44** I gcás oibreoirí tráchtála príobháideacha, roimh 2024, rinneadh féinsuirbhéanna ar feadh tréimhse sé mhí. Taifeadann an t-oibreoir cártaí saorthaistil a chuirtear i láthair le haghaidh taistil ar son seachtain amháin i ngach ceann de na míonna sin agus tuairiscíonn sé an fhaisnéis seo don Roinn. Úsáidtear torthaí na suirbhéanna sin mar bhunús don táille bhliantúil a aontaítear idir an Roinn agus an t-oibreoir. Íocann an Roinn an táille a chomhaontaítear leis an oibreoir gach bliain, go dtí go ndéantar suirbhé nua.


**15.45** Is rud iad na sonraí ón gCóras Ticéadaithe Comhtháite atá in ann a bheith fíor-áisiúil mar fhoinse chruinn faisnéise maidir le húsáid atá ar fáil don Roinn. Mar sin féin, tá an córas fós le comhtháthú isteach i gcomhaontuithe maoinithe na Roinne le hoibreoirí tráchtála.

1 Is comhlacht neamhspleách é BIÉ atá freagrach as soláthar bonneagair iarnróid éadroim le freagracht shannta ón Údarás Náisiúnta Iompair chun oibríochtaí Luas a bhainistiú.

2 Gan íocaíochtaí a íoctar faoi BMO leis an Údarás Náisiúnta Iompair ar son bealaí eile (€183,138) nó ar son saorthaisteal uile-Éireann (€6,630) san áireamh.

3 Fágann seo as an áireamh íocaíochtaí le hoibreoirí ar son taisteal aeir agus farantóireachta. Ba é €16.4 billiún an méid iomlán a íocadh le hoibreoirí tráchtála in 2023.


**Fíor 15.7 Oibreoirí bus tráchtála de réir na híocaíochta saorthaistil agus stádas an Chórais Ticéadaithe Chomhtháite, 2023**




Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

**15.46** Bhunaigh an Roinn córas chun an líon paisinéirí saorthaistil ar thug na hoibreoirí tuairisc orthu a fhíorú, trí chigireachtaí gan choinne (a rinneadh le linn thréimhse an tsuirbhé) agus spotseiceálacha (a rinneadh ag aon am). Roimh Covid-19, rinneadh idir 25 agus 38 seiceáil gach bliain ar an iomlán (féach Fíor 15.8). Mhaígh an Roinn nach ndearna na hoibreoirí aon féin-suirbhéanna idir 2020 agus 2022 i ngeall ar Covid-19. Tugadh isteach arís na féin-suirbhéanna in 2023 agus cuireadh na cigireachtaí fíorúcháin ar bun arís freisin. Mar sin féin, níor fíoraíodh ach 17 mbealach an bhliain sin – níos lú ná leath den líon a rinneadh in 2019.

**Fíor 15.8 Bealaí saorthaistil a fíoraíodh, 2015 go 2023**




Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

**15.47** Thug an Roinn faoi seacht gcinn de spotseiceálacha le hocht mbliana anuas, agus ní dhearna sí aon cheann ó 2021. Rinneadh dhá spotseiceáil in 2021 agus is mar gheall ar thuairisc anaithnid a fuarthas nach raibh dhá bhealach á n-oibriú níos mó a rinneadh an dá spotseiceáil sin. Stopadh na híocaíochtaí leis an oibreoir i dtaca leis an dá bhealach sin tar éis an athbhreithnithe, agus baineadh an t-oibreoir amach as an scéim.

**15.48** Ní raibh an Roinn in ann aon fhaisnéis a thabhairt faoi thorthaí na gcigireachtaí gan choinne nó na spotseiceálacha a rinneadh roimh 2019.

**15.49** Fuair an fhoireann imscrúdaithe na nithe seo a leanas amach

- roimh 2024, nár léiríodh sna sonraí úsáide a bailíodh sa suirbhé ach tréimhse sé mhí amháin agus go bhféadfadh sé nár tugadh eolas ar na luaineachtaí agus ar na treochtaí ar feadh na bliana ar fad
- i ngeall ar mhoill ag cur na suirbhéanna i gcrích, go bhfuil na híocaíochtaí bunaithe ar fhaisnéis a d'fhéadfadh a bheith míchruinn nó neamhábhartha anois, agus
- toisc nach bhfuil spotseiceálacha rialta agus randamacha á ndéanamh gur laige shuntasach é sin maidir leis na rialuithe chun leibhéil úsáide arna dtuairisciú ag oibreoirí saorthaistil a fhaire.

**15.50** Dúirt an Roinn go bhfuil tús curtha in athuair le seiceálacha ar chomhlíontacht leis na suirbhéanna agus go bhfuil sceideal suirbhéanna d'oibreoirí nach ndearnadh suirbhé orthu le blianta beaga anuas i bhfeidhm anois.

## Úsáid na Scéime Saorthaistil

**15.51** Fuair an fhoireann imscrúdaithe faisnéis ón Údarás Náisiúnta Iompair maidir le húsáid PSC FT ar sheirbhísí a bhfuil an Córas Ticéadaithe Comhtháite cumasaithe orthu thar an tréimhse ó mhí Lúnasa 2023 go dtí mí Iúil 2024. Sna sonraí a sholáthair an tÚdarás dúradh gur bhain thart ar 60% de shealbhóirí cártaí PSC FT (606,726) úsáid as iompar a bhí cumasaithe leis an gCóras Ticéadaithe Comhtháite le linn na tréimhse 12 mhí sin.

**15.52** Ní léirítear leis na sonraí atá taifeadta ar an gCóras Ticéadaithe Comhtháite an úsáid iarbhír ar sheirbhísí Iarnród Éireann nó Luas mar gheall ar an mbealach a ndéantar rochtain ar na seirbhísí sin a bhainistiú.

- Toisc nach mbíonn foireann ag obair ag roinnt stáisiún DART agus stáisiún comaitéireachta de chuid Iarnród Éireann, tá an fhreagracht ar an sealbhóir cárta PSC FT a dturas a bhailíochtú.
- Mar an gcéanna, is gréasán geata oscailte é an Luas, agus cé go n-iarrtar ar shealbhóirí cárta PSC FT a gcuid cártaí a bhailíochtú le haghaidh gach turais, níl aon chosc i bhfeidhm mura ndéanann siad amhlaidh. Ní féidir leis an gcóras Luas turas duine tionlacain a thaifeadadh ach an oiread, mar sin déantar aon turais bhailíochtaithe a thaifeadadh mar thuras paisinéara aonair amháin.

**15.53** Anuas air sin, ní bhailítear agus ní thaifeadtar faisnéis ar úsáid sa bhunachar sonraí ticéadaithe comhtháite nuair a chuirtear cárta PSC FT nó pas páipéir i láthair i gcomhair taistil ar sheirbhís neamh-chomhtháite.

**15.54** Mar achoimre, ní raibh an Roinn in ann sonraí iomlána agus cruinne a thiomsú ar leibhéil úsáide iarbhír na scéime Saorthaistil, ar na cúiseanna seo a leanas:

- na bearnaí a tugadh faoi deara san fhaisnéis úsáide a fuarthas ó Luas agus Iarnród Éireann
- na hoibreoirí tráchtála agus na bealaí nach bhfuil cumasaithe leis an gCóras Ticéadaithe Comhtháite
- éagsúlachtaí sa chaoi a dtaifeadtar céilí nó cairde, agus
- toisc cártaí a bheith imithe in éag agus pasanna páipéir.

### *Meitheal oibre na scéime Saorthaistil*

**15.55** Chuir an Roinn, an Roinn Iompair agus an tÚdarás Náisiúnta Iompair meitheal oibre na scéime saorthaistil ar bun in 2023. Is é cuspóir foriomlán an ghrúpa seo samhail mhaoinithe iomchuí a chomhaontú don scéim. Tá coinne leis ag an Roinn go mbeidh dréacht-tuarascáil ar shamhail mhaoinithe mhalartach i gcomhair saorthaistil ar fáil roimh dheireadh 2024.

## Conclúidí agus moltaí

**15.56** Tá fás de réir a chéile ag teacht ar an líon daoine atá i dteideal saorthaistil le blianta beaga anuas. Tuairiscíonn an Roinn Coimirce Sóisialaí go raibh os cionn 1 mhilliún sealbhóir cárta PSC FT ann in 2023. Cé go bhfuil deacrachtaí ann meastachán a thabhairt ar na leibhéil úsáide ar fud na scéimeanna saorthaistil, tugtar le fios leis an líon cártaí PSC FT atá i gcúrsaíocht go bhfuil líon mór den phobal ag baint leas as an scéim.

### *Meastachán ar úsáid na scéime*

**15.57** Nuair a tugadh isteach na cártaí PSC FT in 2015 deis a bhí ann don Roinn an mhonatóireacht a bhí sí a dhéanamh ar úsáid na scéime a fheabhsú. Mar sin féin, tá teorainn ar fhaisnéis chruinn maidir le húsáid ar thurais a dhéantar nuair a bhailíochtaítear PSC FT i gcomhair taistil ar sheirbhís atá cumasaithe le Córas Ticéadaithe Comhtháite. Nuair a úsáidtear PSC FT ar sheirbhísí geata oscailte, nó ar sheirbhísí nach bhfuil cumasaithe leis an gCóras Ticéadaithe Comhtháite, ní thógtar faisnéis chruinn maidir le húsáid.

**15.58** Ina theannta sin, ní thaifeadtar faisnéis ar úsáid nuair a chuirtear cárta PSC FT atá imithe in éag, nó pas páipéir i láthair i gcomhair taistil. Fuair an fhoireann imscrúdaithe amach go bhfuil riaráiste mór ag baint le cártaí atá imithe in éag a athnuachan, agus go raibh ar an 1 Meitheamh 2024 17% de na cártaí PSC FT a bhí i gcúrsaíocht imithe in éag. Chomh maith leis sin, tá iarrtha ag an Roinn ar oibreoirí taistil glacadh le cártaí atá imithe in éag i láthair na huaire. Dá bharr sin, níl sonraí úsáide iomlána agus cruinne ar fáil do thurais saorthaistil.

**15.59** Tá éagsúlacht ag baint le bunús maoinithe na scéime saorthaistil i measc catagóirí oibreoirí. I roinnt cásanna, tá sé bunaithe ar shocruithe seanbhunaithe nó ar shonraí taistil nach bhfuil iomlán, caoithiúil agus nach féidir a fhíorú. Ní íoctar ach 11% den mhaoiniú le hoibreoirí ar an scéim saorthaistil nach bhfuil cumasaithe leis an gCóras Ticéadaithe Comhtháite. I gcás an 89% eile, tá na sonraí ar fáil ach ní úsáidtear iad chun sonrasc a eisiúint don Roinn, nó níl aon diansmacht ag an oibreoir taistil ar eisiúint na dticéad saorthaistil, nó tá socrú seanbhunaithe íocaíochta i bhfeidhm.

**15.60** Níor íocadh ach díreach faoi bhun 73% de chaiteachas na scéime in 2023 (€67.5 milliún) le NTA agus Bus Éireann mar gheall ar leibhéil úsáide mheasta sheanbhunaithe nach bhfuil ábhartha níos mó. Go deimhin, bhí níos lú ná 5% de chaiteachas iomlán na scéime de €92.6 milliún a íocadh in 2023 bunaithe ar shonraí úsáide iarbhír.

**Moladh 15.1**

Ba cheart don Roinn oibriú le hoibreoirí taistil na scéime saorthaistil in iarracht bogadh chuig córas íocaíochta d'oibreoirí atá bunaithe ar thurais iarbhír arna ndéanamh ag sealbhóirí cárta PSC FT. Ba cheart tús áite a thabhairt do na hoibreoirí sin a fhaigheann na híocaíochtaí is mó ionas go mbeidh an t-uaslíon íocaíochtaí in aghaidh na bliana bunaithe ar thurais iarbhír arna ndéanamh ag sealbhóirí cártaí saorthaistil.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Aontaítear leis

Tá athrú mór tagtha ar na socruithe reatha, lena n-áirítear na socruithe seanbhunaithe, le himeacht ama. Aontaíonn an Roinn gur tráthúil go ndéanfaí athbhreithniú ar na socruithe sin in iarracht aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist a aithníodh. Tugann an Roinn ar aird freisin go maoinítear na hoibreoirí saorthaistil trí theaglaim d'íocaíochtaí ón scéim saorthaistil, an tobhach PSO agus táillí custaiméirí.

Dá réir sin, tá an Roinn, in éineacht leis an Roinn Iompair agus NTA, ag iniúchadh samhlacha maoinithe don todhchaí le haghaidh oibreoirí saorthaistil. Ina measc sin déanfar scrúdú ar chur chuige le haghaidh na seirbhísí uile a bhfuil an Córas Ticéadaithe Comhtháite i bhfeidhm acu, áit a bhféadfaí íocaíochtaí a dhéanamh bunaithe ar an turas achomair míosúil agus ar shonraí na dtáillí a bheadh ar fáil ón gcóras.

**Amlíne le haghaidh cur chun feidhme**

Tá coinne leis go mbeidh tuarascáil na Meithle tugtha chun críche faoi dheireadh 2024. Breithneofar moltaí na Meithle an uair sin.

### *Íocaíochtaí suirbhé-bhunaithe*

**15.61** Roimh 2024, i gcás oibreoirí taistil tráchtála, gan beann ar cé acu a d'úsáid siad ticéadú comhtháite nó nár úsáid, rinneadh féin-suirbhéanna ar feadh seachtain amháin gach mí thar thréimhse sé mhí. Tuairiscíonn oibreoirí torthaí an tsuirbhé don Roinn agus úsáidtear iad sin mar bhunús don táille bhliantúil a chomhaontaítear agus a íoctar leis na hoibreoirí.

**15.62** I ngeall ar mhoill ar chur i gcrích na suirbhéanna, i móramh na gcásanna, tá na táillí a íoctar le hoibreoirí tráchtála bunaithe ar fhaisnéis úsáide ón suirbhé atá as dáta.

**15.63** Bítear in ann an fíorú a dhéanann an Roinn ar líon na bpaisinéirí a bhaint amach trí chigireachtaí gan choinne (a dhéantar le linn thréimhse an tsuirbhé) agus spotseiceálacha (a dhéantar ag aon am). Ní dhearna an Roinn ach dhá spotseiceáil ó bhí 2017 ann, rud a chiallaíonn go bhfuil an Roinn ag brath go hiomlán ar an bhfaisnéis úsáide ón suirbhé atá as dáta, faisnéis a chuir na hoibreoirí ar fáil.

**Moladh 15.2**

Cé go leanann an Roinn ag brath ar fhaisnéis suirbhé chun an bunús a chur ar fáil le haghaidh íocaíochtaí a dhéantar le hoibreoirí príobháideacha, ba cheart di a chinntiú go ndéantar na suirbhéanna go leanúnach, go minic agus go caoithiúil.

Ba cheart don Roinn a clár spotseiceálacha a thabhairt isteach arís freisin chun go ndeimhneofar gur meastachán stuama maidir le húsáid iad na sonraí ón suirbhé.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Aontaítear leis

Tá an Roinn i mbun athbhreithnithe i láthair na huaire ar an bpróiseas atá ann cheana féin d'oibreoirí príobháideacha chun an suirbhé a dhéanamh chun a chinntiú go ndéantar na suirbhéanna ar bhealach leanúnach agus caoithiúil. Forbrófar clár 'spotseiceálacha' ag feitheamh ar rolladh amach an Chórais Ticéadaithe Chomhtháite chuig gach oibreoir príobháideach. Ba cheart a thabhairt ar aird áfach go ndearna foireann na Roinne cigireachtaí gan choinne (ceann in aghaidh an bhealaigh den chuid is mó) go neamhspleách le linn thréimhse an tsuirbhé, nó go bhfuil siad á ndéanamh. Ó 2024 ar aghaidh, déantar na suirbhéanna anois thar thréimhse 12 mhí. Ina theannta sin, tá tús curtha in athuair le seiceálacha comhlíontachta leis an suirbhé agus tá sceideal suirbhéanna i bhfeidhm d'oibreoirí nach ndearnadh suirbhé orthu le roinnt blianta anuas.

**Amlíne le haghaidh cur chun feidhme**

R4 2024.

**15.64** Eisíonn Transdev sonraisc don Roinn, i gcomhréir lena oibleagáidí conarthacha le BIÉ agus NTA, mar oibreoir an Luas. Ó 2011, déanann BIÉ suirbhéanna ticéid leanúnacha a sholáthraíonn sonraí, *inter alia*, ar úsáid ticéad ar an Luas lena n-áirítear an úsáid mheasta a bhaintear as saorthaisteal. Úsáideann Transdev na meastacháin sin mar thaca leis na sonraisc a chuireann sé isteach chuig an Roinn i ndáil le daoine a thaistealaíonn ar an scéim saorthaistil. Mar sin féin, caidhpeáladh na híocaíochtaí a dhéantar leis an Roinn go dtí €3.9 milliún gach bliain.

### *Socruithe seachadta na scéime a dhoiciméadú*

**15.65** Dúirt an Roinn go bhfuil sé mar aidhm aici roinnt doiciméad a bheith i bhfeidhm aici chun téarmaí a caidrimh le gach oibreoir saorthaistil a rialú, ar bhonn bliantúil. Fuair an fhoireann imscrúdaithe amach go raibh bearnaí suntasacha sa doiciméadú a bhí ann le haghaidh 2023, agus €76.2 milliún nó os cionn 80% d'íocaíochtaí 2023 íoctha gan comhaontú seirbhíse, comhaontú um chomhlíonadh nó comhaontú cosanta sonraí.

**15.66** Ní mór d'oibreoirí taistil tráchtála ceadúnas bailí oibreora a bheith acu freisin le dul isteach sa scéim saorthaistil. Tháinig méadú 53% ar an maoiniú a fhaigheann oibreoirí tráchtála ó 2018. In 2023, bhí oibreoirí farantóireachta ag fáil 10% den mhaoiniú a íocadh le hoibreoirí tráchtála. Níl oibreoirí farantóireachta faoi réir an leibhéil chéanna maoirseachta agus atá oibreoirí bus tráchtála.

**Moladh 15.3**

Ba cheart don Roinn

- a chinntiú go bhfuil doiciméadacht chonartha bhailí agus cothrom le dáta ann le gach oibreoir agus
- athbhreithniú a dhéanamh ar na rialuithe a rialaíonn glacadh agus maoirseacht oibreoirí farantóireachta i ndáil leis an scéim saorthaistil.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Aontaítear leis

Tá an Roinn i mbun athbhreithnithe faoi láthair ar ábhar na gcomhaontuithe seirbhíse agus na gcomhaontuithe maidir le roinnt sonraí le hoibreoirí taistil atá rannpháirteach sa scéim agus leis an NTA, agus cinnteoidh sé go mbeidh doiciméadacht chonartha atá bailí agus cothrom le dáta ann le haghaidh na n-oibreoirí uile.

Déanfar athbhreithniú freisin ar na rialuithe lena rialaítear glacadh agus maoirseacht incháilitheachta oibreoirí farantóireachta.

**Amlíne le haghaidh cur chun feidhme**

Ag tosú láithreach — oibreoirí níos mó (CIÉ, Transdev agus Translink chun tosaíocht a fháil).

**15.67** Bhunaigh an Roinn, in éineacht leis an Roinn Iompair agus an tÚdarás Náisiúnta Iompair, meitheal oibre chun athbhreithniú a dhéanamh ar shocruithe maoinithe malartacha don scéim saorthaistil. Chun a chinntiú go bhfuil na socruithe maoinithe i gcomhair saorthaistil iomchuí, ba cheart feabhsúcháin a dhéanamh ar chruinneas agus ar thráthúlacht na sonraí úsáide a bhailítear ó oibreoirí saorthaistil, agus ba cheart dó sin a bheith mar ghné lárnach den tsamhail mhaoinithe athbhreithnithe.